**GA**

COIMISIÚN NA gCOMHPHOBAL EORPACH

An Bhruiséil30.10.2008
COIM(2008) 687 leagan deireanach

2006/0274 (COD)

**TUAIRIM ÓN gCOIMISIÚN**

**i gcomhréir le pointe (c) den tríú fomhír d'Airteagal 251(2) de Chonradh CE
i dtaca le leasú Pharlaimint na hEorpa
ar an gcomhsheasamh ón gComhairle
maidir leis an togra le haghaidh**

**RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 881/2004 lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Iarnróid**

LENA LEASAÍTEAR AN TOGRA ÓN gCOIMISIÚN de bhun Airteagal 250(2) de Chonradh CE

GA GA

2006/0274 (COD)

# TUAIRIM ÓN gCOIMISIÚN

**i gcomhréir le pointe (c) den tríú fomhír d'Airteagal 251(2) de Chonradh CE
i dtaca le leasú Pharlaimint na hEorpa
ar an gcomhsheasamh ón gComhairle
maidir leis an togra le haghaidh**

**RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 881/2004 lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Iarnróid**

## 1. RÉAMHRÁ

Foráiltear le pointe (c) den tríú fomhír d'Airteagal 251(2) de Chonradh CE go dtabharfaidh an Coimisiún tuairim uaidh maidir le leasuithe a mholann Parlaimint na hEorpa ag an dara léamh. Tá tuairim an Choimisiúin maidir leis an leasú atá molta ag an bParlaimint leagtha amach anseo thíos.

## 2. CÚLRA

| | |
|---|---|
| An dáta a seoladh an togra chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (doiciméad COIM(2006) 785 leagan deireanach - 2006/0274 COD): | 13.12.2006 |
| Dáta na tuairime ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa: | 11.7.2007 |
| Dáta na tuairime ó Pharlaimint na hEorpa ag an gcéad léamh: | 29.11.2007 |
| An dáta a glacadh an comhsheasamh d'aonghuth | 3.3.2008 |
| Dáta na tuairime ó Pharlaimint na hEorpa ag an dara léamh | 9.7.2008 |

## 3. CUSPÓIR AN TOGRA ÓN gCOIMISIÚN

An 13 Nollaig 2006 ghlac an Coimisiún Eorpach sraith beart chun tacú le hathneartú earnáil na n-iarnród trí na constaicí ar ghluaiseacht traenacha ar fud líonra iarnróid na hEorpa a bhaint.

Sheol an Coimisiún an tionscnamh seo ar dhá mhórchúis:

– chun saorghluaiseacht traenacha laistigh den AE a éascú tríd an nós imeachta maidir le hinnill fhéinghluaiste a chur chun seirbhíse a dhéanamh níos trédhearcaí agus níos éifeachtaí.

– chun an timpeallacht rialála a shimpliú trí na treoracha maidir le hidirinoibritheacht iarnróid a chomhdhlúthú agus a chumasc.

Le ceann de na bearta seo leasaítear an Rialachán lenar bunaíodh an Ghníomhaireacht Eorpach Iarnróid d'fhonn cúraimí nua a thabhairt isteach chun saorghluaiseacht traenacha a éascú. Go háirithe:

- doiciméad tagartha a fhorbairt ina ndéantar crostagairtí do na rialacha náisiúnta uile a chuireann na Ballstáit i bhfeidhm chun rothra a chur chun seirbhíse;
- oibreacha chórais na n-údarás náisiúnta sábháilteachta a eagrú sa chaoi is go dtiocfaidh laghdú de réir a chéile ar líon na rialacha náisiúnta arna bhforchur ag gach Ballstát agus sa chaoi is go n-aithneofar na rialacha sin a mheastar a bheith ar aon dul le chéile;
- tuairimí teicniúla a ullmhú arna iarraidh sin ag na húdaráis náisiúnta sábháilteachta nó ag an gCoimisiún.

Thairis sin, i ngeall ar leasú an Rialacháin bhíothas in ann líon áirithe cúraimí a shoiléiriú i bhfianaise na taithí a fuarthas tar éis an Ghníomhaireacht a bhunú, go mór mór i gcomhthéacs bhunú chóras ERTMS (European Rail Traffic Management System) agus bhunú na gclár rothra.

## 4. TUAIRIM ÓN gCOIMISIÚN AR NA LEASUITHE ATÁ MOLTA AG PARLAIMINT NA hEORPA

Tar éis roinnt míonna idirbheartaíochta anois faoi Uachtaránacht na Slóivéine aimsíodh réiteach chun teacht ar chomhaontú le linn an idirphlé neamhfhoirmiúil an 24 Meitheamh 2008. Díríonn an comhaontú seo, go bunúsach, ar chúraimí na Gníomhaireachta i ndáil le ERTMS.

Féadfaidh an Coimisiún glacadh leis an leasú comhréitigh a ghlac Parlaimint na hEorpa ag an dara léamh.